**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
***State Examinations Commission***

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2007***

# *Líníocht Theicniúil*
## *Páipéar II(B) – Ardleibhéal*
## *(Feidhmiúcháin Tógála)*

***(200 Marc)***

***Dé hAoine 15 Meitheamh***
***Tráthnóna, 2.00 - 5.00***


***Treoracha***

***(a)*** ***Ceithre*** *cheist a fhreagairt.*
***(b)*** *Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.*
***(c)*** *Ní mór na línte tógála a thaispeáint ar gach réiteach.*
***(d)*** *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir ar pháipéar na bhfreagraí.*
***(e)*** *Ná bain úsáid ach as taobh amháin den pháipéar.*
***(f)*** *Tugtar na toisí go léir ina méadair nó ina milliméadair ar an scrúdpháipéar.*
***(g)*** *Is ceadmhach teilgean den chéad uillinn nó den triú huillinn a úsáid.*

**1.** Tarraing cló peirspictíoch den fhoscadán a thaispeántar i bhFíor 1. Téann plána an phictiúir tríd an gcoirnéal A, tá an breathnóir S suite 2.2m ón gcoirnéal A agus tá an léaslíne 1.6m os cionn líne na talún.

Bain feidhm as pointí téaltaithe cúnta mar is cuí.

Scála 1 : 20




Fíor 1


2. I bhFíor 2 taispeántar bonnchló agus ingearchló imlíneach de dhromchlaí dín.

(a) Tá claonadh 40° agus 50° sna dromchlaí A agus C, faoi seach. Tarraing bonnchló agus ingearchló an dromchla dín A.

(b) Tá claonadh 45° sa dromchla B. Tarraing bonnchló agus ingearchló an dromchla dín B agus aimsigh an uillinn dhéhéidreach idir na dromchlaí A agus B.

(c) Tá 120° san uillinn dhéhéidreach idir na dromchlaí A agus D. Críochnaigh bonnchló agus ingearchló na ndromchlaí C agus D.

(d) Tá 140° san uillinn dhéhéidreach idir na dromchlaí E agus F. Críochnaigh bonnchló agus ingearchló an dín.




**Fíor 2**


Scála 1 : 100


3. I bhFíor 3 taispeántar bonnchló agus ingearchló foirgnimh áirithe. Taispeántar cló pictiúrtha den fhoirgneamh freisin.

Tarraing an bonnchló agus an t-ingearchló a thugtar agus déan amach na scáileanna agus an scáth sa bhonnchló agus san ingearchló nuair a bhíonn treo an tsolais mar a thaispeántar.

Nóta: Fág 18m idir an bonnchló agus an t-ingearchló mar a thaispeántar.

Scála 1 : 200








**Fíor 3**

**4.** I bhFíor 4 taispeántar cló pictiúrtha d'airéine. Taispeántar bonnchló agus ingearchló imlíneach na hairéine freisin.
Déantar príomhdhromchla an struchtúir a ghiniúint tríd an bparabóil ABC a aistriú go ceartingearach feadh na parabóile BD.
Is é D rinn na parabóile BD.
Cuimsítear san airéine achar glónraithe atá ciorclach sa bhonnchló.

Tarraing an bonnchló agus an t-ingearchló a thugtar den airéine.




Scála 1 : 200




**Fíor 4**

**5.** **(a)** Is dhá phointe iad A agus B ar léarscáil chomhrianach a bhfuil airde 105m agus 95m iontu, faoi seach. Tá A suite 65m ó thuaidh ó B ar an léarscáil. Druileáiltear tollpholl sceabhach ag A sa treo siar ó dheas sa bhonnchló agus tá fíorchlaonadh 40° aige leis an bplána cothrománach. Nochtann sé barrdhromchla agus bundromchla strataim áirithe ag airde 85m agus 15m, faoi seach.

Druileáiltear tollpholl sceabhach ag B sa treo soir ó dheas sa bhonnchló agus tá fíorchlaonadh 60° aige leis an bplána cothrománach. Nochtann sé barrdhromchla agus bundromchla an strataim ag airde 65m agus 35m, faoi seach.

Faigh claonas, treoíocht agus tiús an strataim.

**(b)** Ar léarscáil ar leith is dhá phointe iad R agus S ar dhromchla uachtarach strataim agus iad ceangailte le dronlíne. Tá airde 60m in R. Tá S suite 90m soir ó thuaidh ó R ar an léarscáil. Tá treoíocht ó thuaidh 70° soir ag an stratam agus tá claonas 40° aige sa treo soir ó dheas go ginearálta.

Faigh airde an phointe S agus aimsigh an fhíoruillinn idir an líne RS agus líne na treoíochta.

Scála 1 : 1000


**6.** I bhFíor 5 taispeántar bonnchló agus ingearchló imlíneach de dhíon parabólóideach hipearbólóideach. Tá imlíne an dín mar chiorcal sa bhonnchló agus is peinteagán rialta é ADCEF sa bhonnchló. Déantar an díon trí leathnú ar na dromchlaí parabólóideacha hipearbólóideacha ABCD agus ABEF atá buailte le chéile.

**(a)** Tarraing bonnchló agus ingearchló an dín.

**(b)** Taispeáin cuaire an dín feadh líne a cheanglaíonn C le F.

**(c)** Tá treophlána do na heilimintí AD agus BC suite sa chaoi go bhfuil pointe A sa treophlána. Tarraing na rianta don treophlána seo, aimsigh an fhíoruillinn idir an treophlána agus an plána ceartingearach agus faigh an fad is giorra ón bpointe F go dtí an treophlána.

Scála 1 : 200




Fíor 5

**7.** Taispeánann an líníocht a ghabhann leis seo comhrianta talún agus eatramh ceartingearach cúig méadar eatarthu. Is é ABCD líne an bhóthair atá á bheartú. Is é O lárphointe an stua chiorclaigh.

Gabhann an tsonraíocht a leanas leis an mbóthar:

(i) leithead foirmíochta mar a thaispeántar;

(ii) leibhéal foirmíochta ag B 40m;

(iii) A go B leibhéalta;

(iv) grádán B go C ag ardú go haonfhoirmeach go dtí leibhéal 55m ag C;

(v) grádán C go D, 1 in 15 agus ag titim;

(vi) taobhfhánaí na ngearrthacha 1 in 1.5;

(vii) taobhfhánaí na gclaífort 1 in 2.

**(a)** Taispeáin, ar an líníocht, na hoibreacha talún atá riachtanach chun réiteach a dhéanamh don bhóthar.

**(b)** Baint úsáid as modh grafach agus aimsigh grádán an bhóthair idir B agus C.

Leathanach Bán